C/2025/767

11.2.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Athruithe tionsclaíocha san earnáil sláinte i bhfianaise géarchéimeanna atá ag dul i méid

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/767)

Rapóirtéir: **Florian MARIN**

Comhrapóirtéir: **Antonello PEZZINI**

Comhairleoirí	Chiara PANCOTTI (thar ceann an rapóirtéara, Grúpa II) Giannino BERNABEI (thar ceann an chomhrapóirtéara, Grúpa I)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	15.2.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha (CCMI)
Dáta a glactha sa rannóg	5.11.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	4.12.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	592
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	199/0/0

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Ba cheart córais sláinte an Aontais a bheith athléimneach agus de chineál agus gur féidir freagairt do shuaitheadh, agus beatha an duine a chosaint, sin agus ba cheart iad a bheith cuimsitheach agus cothrom, dírithe ar an duine agus inrochtana, agus bunaithe ar thaighde agus ar nuálaíocht agus comhordaithe idir na Ballstáit.

1.2. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach an tsláinte agus an dul chun cinn ar chomhtháthú na gcóras sláinte náisiúnta a áireamh ar a chuid tosaíochtaí do shainordú 2024-2029, agus tacú leis na tosaíochtaí sin trí bhíthin tacaíocht uaillmhianach institiúideach agus infheistíocht mhéadaithe.

1.3. Tá athruithe móra ag teacht ar thionscal an chúraim sláinte agus ní mór don Eoraip leanúint de bheith nuálach agus iomaíoch, spleáchais a laghdú agus ganntanais a sheachaint. Iarrann CESE go mbeadh cur chuige atá comhtháite, ilghnéitheach agus dírithe ar an othar ann lena n-áiritheofaí rochtain ar chógais leighis, diagnóis agus cóireálacha atá sábháilte, éifeachtach agus ar ardchaighdeán agus molann sé na bearta seo a leanas a dhéanamh:

1.3.1. liosta na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear faoin gconair aistrithe don tsláinte a thabhairt cothrom le dáta. Mar shampla, ba cheart plean straitéiseach an Údaráis um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA) a chur in oiriúint chun gur fearr a rachfar i ngleic leis an aistriú digiteach, leis an spleáchas méadaitheach ar chógais chriticiúla (lena n-áirítear a bpríomhábhair tosaigh agus a substaintí gníomhacha) agus le dúshláin a bhaineann le huisce a mbíonn tionchar acu ar earnáil na tionsclaíochta;

1.3.2. feabhas a chur ar athléimneacht na hEorpa i slabhraí breisluacha na dteicneolaíochtaí cógaisíochta, bith-leictrileighis agus leighis agus spleáchais straitéiseacha ar thríú tíortha a laghdú, go háirithe i ndáil le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta agus le cógais chríochnaithe. Is díol sásaimh do CESE an Gníomh um Chógais Chriticiúla ([1]) a fógraíodh sna Treoirlínte Polaitiúla don Choimisiún nua agus iarrann sé go neartófaí an comhar leis na Ballstáit, le geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha, leis an lucht acadúil agus leis an tsochaí shibhialta ina leith sin;

([1]) https://commission.europa.eu/document/download/e6cd4328-673c-4e7a-8683-f63ffb2cf648_ga?filename=Political%20Guidelines%202024-2029_GA.pdf.

1.3.3. rochtain chothrom ar chúram sláinte agus ar chógais a áirithiú ar fud an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí leochaileacha;

1.3.4. cur chuige praghsála atá comhleanúnach ar fud an Aontais a chur ar bun féachaint le samhail chóir praghsála a chinntiú san Eoraip ar fad; féachaint an bhféadfaí céatadán de OTI a leagan amach – céatadán a bheadh le hinfheistiú i gcórais sláinte náisiúnta in éineacht le riail óir maidir le hinfheistíochtaí sláinte;

1.3.5. an margadh aonair a neartú san earnáil sin (i bhfianaise na moltaí a leagtar amach i dtuarascáil Letta agus i dtuarascáil Draghi), agus aird ar leith á tabhairt ar cheadanna, soláthar poiblí comhpháirteach agus dálaí oibre i réimse an chúraim sláinte. Leagann CESE béim ar an ngá atá ann dálaí oibre san earnáil sin a fheabhsú, agus tarraingíonn sé aird freisin ar an nganntanas sistéamach scileanna san earnáil;

1.3.6. an comhar trasnáisiúnta Eorpach a neartú, an nuálaíocht a chur chun cinn agus ár n-iomaíochas domhanda in earnáil straitéiseach a fheabhsú;

1.3.7. díriú ar chógais choisctheacha agus phearsantaithe, ar eochairtheicneolaíochtaí le haghaidh thodhchaí na tionsclaíochta (amhail an bhiteicneolaíocht agus an ghéanómaíocht), ar chógais leighis, an phróistéitic agus ábhair theiripeacha chriticiúla don tsoghluaisteacht agus ar tháirgí cógaisíochta inrochtana;

1.3.8. infheistiú i réimse na ngalar neamhchoitianta. Molann CESE freisin bonneagar taighde phoiblí fornáisiúnta a bhunú i gcóras cuimsitheach príobháideach poiblí atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, agus úsáid á baint as uirlis 'Comhpháirtíochta Eorpaí' an Aontais;

1.3.9. claochlú digiteach na hearnála sláinte a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar idir-inoibritheacht sonraí agus ar úsáid na hintleachta saorga atá dírithe ar an duine. Molann CESE spás digiteach comhroinnte agus slán a chruthú d'othair, d'ospidéil agus do sholáthraithe cúraim sláinte eile, a mbeadh cód eitice agus cosaint iomlán sonraí pearsanta mar bhonn taca leis. Ar an gcaoi chéanna, iarrann sé go ndéanfaí iniúchtaí tréimhsiúla measúnaithe riosca agus gníomhaíochtaí tréimhsiúla faireacháin, mar aon le béim a chur ar dhul i ngleic le cibirionsaithe san earnáil sláinte;

1.3.10. dálaí oibre a fheabhsú agus rochtain chothrom ar chúram sláinte agus ar chógais a áirithiú ar fud an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí leochaileacha.

1.3.11. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach cur le hacmhainneachtaí HERA i bhfrithbhearta leighis ar an leibhéal domhanda ionas gurbh fhearr ab fhéidir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála sláinte.

1.3.12. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, molann CESE 'Ciste Eorpach Dlúthpháirtíochta Sláinte leis an Afraic' a chruthú agus iarrann sé ar an Aontas tionchar a imirt ar chláir oibre G7 agus G20 d'fhonn buansásra sláinte domhanda a bhunú.

2. **Dúshláin lena ndéantar difear don éiceachóras cúraim sláinte**

2.1. Tá athruithe móra déimeagrafacha i ndán do mhór-roinn na hEorpa, athruithe a bhfuil impleachtaí suntasacha acu i leith beartais cúraim sláinte agus a mbeidh réitigh thionsclaíocha ag teastáil lena n-aghaidh chun tacú leis na beartais sin. De réir réamh-mheastacháin na hEagraíochta Domhanda Sláinte, is é 82.3 bliain an t-ionchas saoil a bheidh ann tráth breithe san Aontas in 2048 (73.1 bliain a bhí ann in 2017) agus is é 92,9 % an dóchúlacht go slánóidh duine 60 bliain d'aois. Ní mór an t-ionchas saoil tráth breithe a chomhcheangal le hionchas saoil sláintiúil chun táscairí fíorchuimsitheacha a chur ar fáil maidir le dea-shláinte agus cáilíocht saoil. In 2021, b'ionann agus 63.6 bliain an t-ionchas a bhí ann maidir le blianta folláine i saol an duine.

2.2. Tá fadhbanna san Aontas maidir le ganntanais drugaí agus teicneolaíochta leighis, suaitheadh sa slabhra soláthair, dinimic an mhargaidh inmheánaigh a bhfuil ilroinnt ann, éileamh méadaithe agus bacainní rialála. Is den ríthábhacht é go mbeadh an tionscal cógaisíochta athléimneach agus nach mbeadh sé chomh spleách céanna chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh uathriail straitéiseach ann i réimse a bhfuil tábhacht ar leith leis don saoránach.

2.3. Léirigh COVID-19 go bhfuilimid ag brath ar thríú tíortha chun cógais bhunúsacha a fháil, rud nár measadh a bheith ina fhadhb san am a chuaigh thart. Measann CESE gur cheart na hacmhainneachtaí táirgeachta a d'fhorbraíomar le linn phaindéim COVID-19 a chosaint agus a úsáid chun athléimneacht ár gcóras sláinte a threisiú. Trí infheistíocht a dhéanamh i dtionscal cógaisíochta an Aontais, laghdófar ár spleáchas ar thríú tíortha, go háirithe ar chomhábhair ghníomhacha chógaisíochta ón Áise ([2]).

([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa – *Soláthar cógas leighis na hEorpa a dhaingniú: Gníomh um Chógais Chriticiúla a shamhlú* (tústuairim arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Beilge) (IO C, C/2024/1568, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1568/oj).

2.4. Ach díriú ar éifeachtúlacht agus ar bharrfheabhsú, déanfar leigheas tuarthach agus pearsantaithe – ina n-úsáidtear sonraí pearsanta leighis na n-othar – a chur chun cinn. Beidh ról suntasach ag feistí inchaite cliste i dtaca le galair a chóireáil nó faireachán a dhéanamh orthu san earnáil leighis agus i gcúram othar. Ar áireamh sa chúram sláinte coisctheach atá bunaithe ar leigheas pearsantaithe tá folláine, aiste bia, aclaíocht agus imdhíontaí, ag bogadh ó chur chuige frithghníomhach go cur chuige réamhghníomhach agus ag cruthú tairbhí fadtéarmacha d'othair, don tsochaí agus don gheilleagar.

2.5. Molann CESE go mbeadh treoirlínte agus prótacail chuimsitheacha uile-Aontais ann, agus comhroinnt sonraí ar bhonn níos ginearálta i measc na bpríomh-gheallsealbhóirí. Is den tábhacht é míchothromaíochtaí cumhachta idir othair agus soláthróirí a chosc agus a áirithiú go bhfuil rochtain thrédhearcach ag na geallsealbhóirí ábhartha uile ar an bhfaisnéis chéanna.

2.6. Measann CESE gur gá don Aontas a acmhainneachtaí tionsclaíocha a oiriúnú agus a neartú chun ár n-iomaíochas agus ár n-uathriail straitéiseach a fheabhsú i réimse atá thar a bheith íogair do na saoránaigh, ós rud é gur dúshláin iad an easpa rochtana ar chógais agus ar theicneolaíochtaí leighis agus na spleáchais struchtúracha ar thríú tíortha a bhfuil tionchar acu ar na córais cúraim sláinte ar fud an Aontais.

3. **Neamhspleáchas tionsclaíoch agus athléimneacht**

3.1. Measann CESE nach iomchuí a thuilleadh, ar chúiseanna a bhaineann le huathriail straitéiseach, an táirgeadh a ilroinnt agus a bheith ag brath ar thíortha nach Ballstáit den Aontas iad le haghaidh codanna den slabhra soláthair. Molann CESE an táirgeadh cógaisíochta a aistriú go straitéiseach chuig an Aontas agus díriú ar chomhábhair ghníomhacha chógaisíochta agus ar chógais leighis chríochnaithe chun neamhspleáchas cógaisíochta an Aontais a neartú. Ina theannta sin, molann CESE tacaíochtaí airgeadais agus institiúideacha a chruthú chun táirgeadh substaintí gníomhacha agus táirgeadh cógas riachtanach, e.g. táirgí cineálacha, a athbhunú san Aontas.

3.2. Measann CESE nach mór, sa Ghníomh um Chógais Chriticiúla a fógraíodh sna Treoirlínte Polaitiúla don Choimisiún nua, sonrú a dhéanamh ar na cógais chriticiúla (lena n-áirítear a bpríomhábhar tosaigh agus a substaintí gníomhacha) atá ag teastáil, agus go leagfaí amach ann na modhanna lena n-áiritheofar go laghdóimid ár spleáchais de réir a chéile. Ar an gcaoi chéanna, ní mór riachtanais infheistíochta, bonneagar agus inrochtaineacht trealaimh leighis a chumhdach sa Ghníomh um Chógais Chriticiúla freisin. D'fhonn athléimneacht an Aontais a chothú, tacaíonn CESE le stoc straitéiseach de threalamh leighis de chuid an Aontais a chruthú. Ba cheart go mbeadh ar áireamh sa tionscnamh sin freisin comhar leis na Ballstáit agus leis an tsochaí shibhialta, cur chuige comhleanúnach de chuid an Aontais maidir le praghsáil, infheistíochtaí san acmhainneacht táirgeachta, soláthar poiblí comhpháirteach agus idir-inoibritheacht sonraí.

3.3. Tacaíonn CESE freisin leis an gComhaontas um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla, a bhfuil cistí agus acmhainní leordhóthanacha de dhíth air chun geallsealbhóirí a shlógadh, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta eagraithe, agus chun soláthar cógas leighis criticiúil san Aontas a neartú, rud a chuirfidh feabhas ar deireadh ar iarrachtaí chun ganntanais a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach. Ba cheart an cur chuige comhoibríoch sin a leanúint sna Ballstáit ar mhaithe le saineolas ó na córais sláinte náisiúnta éagsúla a chomhthiomsú agus, ar an gcaoi sin, Aontas ní b'athléimní a bhunú.

3.4. Aontaíonn CESE le Parlaimint na hEorpa gur gá HERA a athbhreithniú go cuimsitheach toisc nach bhfuil aige an acmhainneacht, na hacmhainní ná an misean soiléir atá ag teastáil chun an tírdhreach a athrú, sin le rá ó thaobh forbairt agus infhaighteacht frithbheart leighis. Tá gá le creat institiúideach níos éifeachtaí, le haghaidh na n-éigeandálaí atá ann faoi láthair agus dúshlán nach ann dóibh go fóill ([3]).

3.5. Chun athléimneacht ár gcóras sláinte a neartú, molann CESE tús a chur le plé polaitiúil maidir le céatadán méadaitheach dá OTI a bheith á infheistiú ina chóras sláinte náisiúnta féin ag gach Ballstát.

3.6. Ba cheart infheistíochtaí i gcórais sláinte a bheith faoi réir riail óir an Aontais, agus é á chur san áireamh nach gá meastóireacht a dhéanamh ar infheistíochtaí den sórt sin ar théarmaí eacnamaíocha amháin agus gur cheart tosaíocht a thabhairt do ghné an fhóntais phoiblí den chóras sláinte. Ba cheart ionstraimí amhail cothromas sláinte, comhfhiontair agus socruithe comhpháirtíochta eile i réimsí amhail rochtain ar chúram othar seachtrach, cúram sláinte digiteach agus cúram ard-iontaofachta a fhiosrú, go háirithe chun teacht ar aonbheannaigh (gnólachtaí nuathionscanta aibí), chun tacú leis na haonbheannaigh sin agus iad a mhaoiniú.

([3]) https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-9-2024-0141_GA.html.

3.7. Iarrann CESE ar an Aontas díriú ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar féidir leo sláinte agus cáilíocht saoil shaoránaigh an Aontais a fheabhsú. Ba cheart iarrachtaí a dhíriú ar bhiteicneolaíocht agus ar ghéanómaíocht a fhorbairt; bithchógas; próistéitic agus ábhair theiripeacha a fhorbairt le haghaidh soghluaisteachta; feidhmchláir teicneolaíochtaí candamacha agus ábhar ardfhorbartha nua a fhorbairt le haghaidh trealamh agus cóireálacha cúraim sláinte; agus cógais agus teiripí criticiúla a fhorbairt le haghaidh galair lena bhfuil difear á dhéanamh ar bhonn méadaitheach don phobal (e.g. murtall agus diaibéiteas).

3.8. Iarrann CESE go gcuirfí tionscal na sláinte san áireamh faoin gComhaontú nua maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Iarrann sé ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chriticiúla na hearnála mar thosaíocht, trí níos mó iarrachtaí polaitiúla a dhéanamh chun comhstraitéis sláinte, spás coiteann sonraí sláinte agus cómhargadh sláinte a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ar an gcaoi chéanna, leagann sé béim ar an ngá atá leis an margadh inmheánach a neartú d'fhonn saorghluaiseacht gairmithe, táirgí agus seirbhísí sláinte a áirithiú, rud a cuireadh in iúl sa tuarascáil ó Mario Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais.

4. **An digiteáil agus an intleacht shaorga**

4.1. De thoradh na digiteála, tá athrú ó bhonn á dhéanamh ar an éiceachóras sláinte agus tá réitigh nua á gcur ar fáil a bhfuil ról lárnach acu sa leigheas. Tá an teilileigheas, ríomhoidis, cianchomhairliúcháin, úsáid na meiteachruinne agus na róbataice agus an cúram ón mbaile ag éirí níos tábhachtaí, go háirithe i réigiúin iargúlta toisc gur réiteach úsáideach iad do dhaoine leochaileacha. Tá an teilileigheas ag forbairt agus tá de thoradh air gur féidir súil a choinneáil ar othair iomadúla trí mhoil éagsúla agus trí chomhairliúcháin chianda. De thoradh priontáil 3D a bheith in úsáid le haghaidh feistí, uirlisí, ionchlannán, próistéisí agus orgáin dhaonna athrófar an leigheas ó bhonn, laghdófar costais agus freastalófar ar na riachtanais ar an toirt. Is nuálaíochtaí iad teirmiméadair leighis chliste agus bindealáin chliste chun súil a choinneáil ar an bpróiseas cneasaithe agus dlús a chur leis an bpróiseas sin; úsáidfear go coitianta iad amach anseo.

4.2. Tá an t-éiceachóras leighis ag athrú de réir mar a éiríonn seirbhísí leighis níos digitithe agus de réir mar a théann gníomhaithe nua isteach sa réimse. Ba cheart faireachán cúramach a dhéanamh ar stóinseacht agus athléimneacht na gcóras sláinte le linn an aistrithe dhigitigh. Tá ról níos mó ag cistí cothromais phríobháidigh agus ag gnólachtaí teicneolaíochta cheana féin i gcuir chuige chomhoibríocha éagsúla maidir le seirbhísí leighis, agus tiocfaidh forbairt bhreise air sin go luath amach anseo. Is den ríthábhacht é sprioc uilíoch a bheith ag na hiarrachtaí ar fad chun na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt, is é sin go mbeidh cúram sláinte uilíoch ann le nach bhfágfar aon duine ar lár.

4.3. Tá ról na sonraí san éiceachóras sláinte ag éirí níos tábhachtaí fós, go háirithe maidir le seirbhísí cúraim a bharrfheabhsú agus éifeachtúlacht a mhéadú. Is céim sa treo ceart é an Spás Eorpach Sonraí Sláinte. Molann CESE spás digiteach comhroinnte agus slán a chruthú d'othair, d'ospidéil agus do sholáthraithe cúraim sláinte eile, ionas, go háirithe, nach ndéanfar eolas a phríobháidiú. Ba cheart eitic agus príobháideachas a urramú i gcónaí agus ní mór é a bheith éigeantach toiliú an othair a fháil sula n-úsáidtear aon sonraí sláinte dá chuid nó dá cuid.

4.4. Is réimse mór iomaíochais é cur i bhfeidhm na hintleachta saorga in earnáil na sláinte – réimse inar féidir leis an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta le cur chuige atá dírithe ar an duine chun leasa cách. Sula i bhfad, úsáidfear macasamhlacha fíorúla de na hothair chun galair a thuar agus a chosc, chun aimhréidheanna a bhrath agus chun roghanna don chóir leighis a bheachtú agus a phearsantú. Ba cheart an intleacht shaorga i réimse an chúraim sláinte a bheith faoi réir iniúchtaí tréimhsiúla measúnaithe riosca freisin agus ba cheart sásraí faireacháin agus inrianaitheachta leanúnacha a chur i bhfeidhm ar fheidhmchláir na hintleachta saorga le himeacht ama chun trédhearcacht, sláine agus éifeachtacht a áirithiú.

4.5. Tacaíonn CESE leis an bplean gníomhaíochta Eorpach chun cibirionsaithe san earnáil sláinte a chosc – plean a cuireadh i láthair sna Treoirlínte Polaitiúla don Choimisiún nua. Ba cheart sásra comhairliúcháin lena gcomhtháthaítear an leibhéal áitiúil, an leibhéal náisiúnta agus leibhéal an Aontais a chuimsiú faoin bplean gníomhaíochta, agus difríochtaí i riachtanais leighis, litearthacht dhigiteach agus ról méadaithe na sochaí sibhialta san earnáil sláinte á gcur san áireamh.

5. **Taighde**

5.1. Ní mór é a bheith ina thosaíocht ag an gCoimisiún do shainordú 2024-2029 tionscal cógaisíochta agus sláinte na hEorpa a neartú. Ciallaíonn sé sin tacú le taighde, forbairt agus cumas nuálaíochta an Aontais le dul chun cinn a dhéanamh thar mar a dhéanfaí faoi na cláir Eorpacha astu féin ([4]). Aontaíonn CESE le Parlaimint na hEorpa go bhfuil gá le bonneagar taighde phoiblí fornáisiúnta don leigheas. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí punann a chur le chéile de chógais agus de vacsaíní a

([4]) Amhail Fís Eorpach.

cruthaíodh mar thoradh ar thaighde neamhbhrabúsach agus i réimsí nach gcumhdaítear leis an tionscal nó nach bhfuil cógais inacmhainne iontu, d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i réimse na ngalar neamhchoitianta. Ar an gcaoi sin, tacaíonn CESE le raon feidhme an tionscadail thábhachtaigh ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEI) i réimse na sláinte a leathnú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar inrochtaineacht na ndrugaí a úsáidtear chun galair neamhchoitianta a chóireáil.

5.2. Iarrann CESE go ndéanfaí malartú dea-chleachtais agus aistriú nuálaíochtaí a chur chun cinn faoi chuimsiú cur chuige il-gheallsealbhóra a mbeadh othair, an earnáil tionsclaíochta, soláthraithe seirbhísí sláinte, dochtúirí agus gnólachtaí árachais rannpháirteach ann. Agus dea-chleachtais á malartú agus nuálaíochtaí á n-aistriú, ní mór freastal ar an tsláinte agus ar leas an phobail, seachas ar leasanna tráchtála amháin. Creideann CESE gur gá dea-chleachtais amhail pobail chleachtais, seirbhísí leighis seachbhrabúsacha, eagraíochtaí cúraim chomhtháite (lena dtugtar seirbhísí príomhúla agus seirbhísí speisialaithe le chéile), agus samhail an gheilleagair shóisialta nó an chomhoibrithe i réimse an chúraim sláinte a chur chun cinn ar bhealach níos fearr.

5.3. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé beartas cóir leighis agus cógaisíochta a bheith ann lena ráthaítear rochtain do chách. Áirítear leis sin praghsanna córa bunaithe ar 'shamhail na praghsála córa', trédhearcacht ó thaobh costais taighde agus forbartha de, maoin intleachtúil a úsáid ar bhealach atá cothrom, agus samhlacha nua cistiúcháin chun tacú le taighde i réimsí tosaíochta amhail frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha. Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh líon na saoráidí comhtháite sláinte san Aontas a mhéadú agus a gcomhar leis an saol acadúil a neartú.

5.4. Ós rud é go bhfuil an cúram sláinte le leas an phobail, ní mór soláthar earraí agus seirbhísí sa réimse sin a bheith ina oibleagáid. Ní mór don tionscal cineál sonrach an réimse sin a aithint trí pharaiméadair shóisialta a áireamh in éineacht le cuspóirí iomaíochta margaidh agus brabúsachta margaidh. Trí chomhpháirtíochtaí nuálacha agus comhpháirtíochtaí atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, is féidir leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach seirbhís cúraim sláinte a chumhdach ar bhonn forleathan. Agus iad ina mbaill den Aontas Sláinte Eorpach, ní mór do na Ballstáit creataí dlíthiúla a chur i bhfeidhm chun tacú leis an infheistíocht agus leis an gcur chuige comhoibríoch in earnáil na sláinte a mhéadú agus chun comhleanúnachas idir na gníomhaithe uile a áirithiú. Mar sin féin, sa gheilleagar margadhthiomáinte atá ann faoi láthair, is í an bhrabúsacht chorparáideach a spreagann na roghanna agus na beartais phraghsála ar deireadh thiar, toisc nach bhfuil an idirghabháil phoiblí cheart ann chun cumhdach uilíoch a áirithiú do chách.

6. **Gnéithe sóisialta agus gnéithe acmhainní daonna**

6.1. Tá an tsláinte riachtanach chun go mairfidh daoine aonair agus sochaithe araon, rud lena gcuimsítear comhbhá dhomhain le beatha an duine. Tá gné dhomhain eiticiúil agus mhothúchánach i gceist léi ar mó a tábhacht ná an róghafacht le margaí a bhfuil luach airgid curtha orthu. Maidir le córais sláinte an Aontais, measann CESE gur cheart dóibh a bheith: dírithe ar an duine; in ann freagairt do shuaitheadh; inrochtana; á gcomhordú idir na Ballstáit; cuimsitheach agus cothrom; beatha an duine a chosaint; in ann dul i ngleic le héagothromaíochtaí sláinte; athléimneach; agus bunaithe ar fhianaise, ar thaighde agus ar nuálaíocht. Ní mór dóibh an fás a chur chun cinn agus tacú leis an dul chun cinn sóisialta agus le saol sláintiúil na ndaoine.

6.2. Ba cheart a chur san áireamh sna córais sláinte ar fud an Aontais na rioscaí agus na galair shláinte atá ann cheana chomh maith le ceisteanna sóisialta, eacnamaíocha, geografacha agus oideachais. Ag tógáil ar thuairim SOC/801 ó CESE maidir le *Tionscnamh suaitheanta Eorpach a chur ar bun don tsláinte*, iarrann CESE go láidir go mbunófaí tionscnamh suaitheanta don tsláinte san Eoraip agus molann sé go mbunófaí 'Gníomh maidir le Ráthaíocht Sláinte Eorpach', lena leagfaí síos cuspóirí comhchoiteanna sláinte ar an leibhéal Eorpach, agus cistiú ilbhliantúil mar thaca leis sin.

6.3. Tá brú leanúnach á chur ar oibrithe sláinte agus ar chúramóirí de bharr an athraithe aeráide, patrúin athraitheacha galar agus cóireálacha nua do ghalair. Chun dul i ngleic le ganntanas lucht saothair, ní mór cur chuige comhtháite a ghlacadh lena gcumhdófar sochair, intuarthacht gairme agus uaireanta oibre, agus lena chois sin rochtain ar theicneolaíochtaí agus acmhainní oiriúnacha, ar oiliúint, agus ar shábháilteacht fhisiciúil agus shíceolaíoch na n-oibrithe agus na n-othar. Molann CESE 'treochlár maidir leis an ngné dhaonna' a cheapadh chun tacú leis na córais sláinte, agus clár leictreonach idir-inoibritheach uile-Aontais a chur ar bun don lucht saothair. Leis an gclár sin, dhéanfaí faireachán ar an acmhainneacht scileanna agus thacófaí léi, chuirfí comhar agus dlúthpháirtíocht chun cinn i gcás tubaistí nádúrtha, agus d'áiritheofaí nasc le córais bhreise amhail Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus an Sásra Eorpach um Dhlúthpháirtíocht Dheonach i gcás inarb ábhartha.

6.4. I bhfianaise Chomhshocrú an Aontais um Scileanna, leagann CESE béim ar an ngá atá ann le hinfheistíocht a dhéanamh chun scileanna a fheabhsú agus gairmeacha na sláinte agus an chúraim a dhéanamh níos tarraingtí. Chuige sin, ba cheart cúrsaí oiliúna comhchoiteanna Eorpacha i scoileanna leighis agus altranais a chur chun cinn; mar aon le cúrsaí idirdhisciplíneacha, go háirithe trí bhíthin Erasmus agus ionaid speisialtóireachta agus inniúlachta. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach tús a chur leis an bplé maidir le dálaí oibre san éiceachóras cúraim sláinte san Aontas a chomhchuibhiú, agus tuilleadh a dhéanamh chun oibrithe i réimse an chúraim sláinte a choinneáil, a mhealladh agus chun tacú leo. Tá géarghá le gníomhaíochtaí nithiúla chun imirce oibrithe a laghdú, chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus chun forbairt gairme a spreagadh.

6.5. Ó thaobh na hinrochtaineachta de, ba cheart seirbhísí sláinte a dháileadh go cothrom ar fud na réigiún ionas go mbeadh a laghad taistil agus is féidir le déanamh ag daoine i dtaca lena riachtanais leighis. Bíonn deacrachtaí ag daoine leochaileacha rochtain a fháil ar chúram sláinte, rud a léiríonn gur gá an chuimsitheacht a fheabhsú i gcórais sláinte an Aontais. Ba cheart rochtain a bheith ag gach duine ar sheirbhísí sláinte, cógais agus cóireálacha cuí. Is táscaire a léiríonn cáilíocht na seirbhíse sláinte an t-aga freagartha: dá ghiorra an t-aga freagartha chun galair éagsúla a chóireáil, is ea is fearr an tseirbhís.

6.6. Is féidir le scéimeanna árachais phoiblí agus le scéimeanna árachais phríobháidigh a bheith ann in éineacht le chéile i réimse na sláinte ach níor cheart oibleagáid a bheith ann, ná níor cheart gur ghá, cumhdach árachais dhúbailte a thógáil amach mar thoradh ar bheartais phoiblí. Bíonn de thoradh ar an dinimic sin go ndéantar dochar don earnáil phoiblí agus go gcuirtear srian ar an rochtain a bhíonn ag daoine ar sheirbhísí bunúsacha sláinte. I roinnt Ballstát, tá brabúis á nglacadh chuici féin ag an earnáil phríobháideach leighis agus tá costais á seoladh amach aici chuig an earnáil phoiblí.

6.7. Ba cheart díriú, mar chuid lárnach den Aontas Sláinte Eorpach atá ar na bacáin, ar an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus ar acmhainní a leithdháileadh chun tuiscint níos fearr a fháil ar neamhchosaint na sochaí agus othar. Ar an gcaoi sin, d'áiritheofaí go mbeadh an duine ní b'eolaí ar chúrsaí sláinte agus b'athléimní an duine dá bharr sin.

7. **Taidhleoireacht sláinte**

7.1. Nuair a chuimhnítear ar an ról ríthábhachtach a bhí ag an Aontas le linn COVID-19 agus ar mhéid an mhargaidh atá ann, ar thábhacht a thrádála agus a onnmhairí idirnáisiúnta agus ar a chuid iarrachtaí chun an taidhleoireacht sláinte a chomhdhlúthú, is léir gur cheart ról níos mó a bheith ag an Aontas sa ghné idirnáisiúnta den tsláinte.

7.2. Ba cheart don Aontas ról níos réamhghníomhaí a ghlacadh maidir leis an gclár oibre a leagan amach in G7, in G20 agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe d'fhonn buansásraí sláinte domhanda a bhunú.

7.3. Tacaíonn CESE le Ciste Eorpach Dlúthpháirtíochta Sláinte leis an Afraic a bhunú chun dul i ngleic leis an bhfíor-éagothroime atá i soláthar an chúraim sláinte ansin. A bhuí leis an gciste, bheadh rochtain ní ba leithne ann ar sheirbhísí cúraim sláinte, chothófaí taighde ar chógais le haghaidh galair thrópaiceacha, rachfaí i ngleic le galair thógálacha agus chuirfí feabhas ar an tslándáil sláinte ar fud an domhain.

7.4. Creideann CESE go bhfuil tábhacht le comhaontuithe um chóineasú agus um aitheantas frithpháirteach, agus tacaíonn sé le rannpháirtíocht níos mó ag an Aontas sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Chomhchuibhiú Ceanglas Teicniúil i ndáil le Clárú Earraí Cógaisíochta atá le hÚsáid ag an Duine agus i gComhghuaillíocht Idirnáisiúnta na nÚdarás Rialála Cógas. Tá sé tábhachtach tacú le tríú tíortha na cumais atá acu a fhorbairt chun amhábhair a tháirgeadh agus comhlántacht le riachtanais leighis an Aontais a chinntiú.

7.5. Chun athléimneacht ár gcóras sláinte a fheabhsú, tá gá le hinfheistíochtaí dea-cheaptha, le comhordú níos fearr (lena n-áirítear slabhraí soláthair leighis níos athléimní a fhorbairt) agus le tuilleadh comhar sláinte ar bhonn domhanda. Molann CESE comhpháirtíochtaí a fhorbairt le geallsealbhóirí straitéiseacha atá ag infheistiú sa tslándáil sláinte dhomhanda toisc go bhfuil i bhfad níos mó i gceist lena rannpháirtíocht ná cúrsaí leighis agus toisc go n-áirítear leo oideachas, forbairt pobail, taighde agus beartas poiblí.

An Bhruiséil, an 4 Nollaig 2024

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE